Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2021**
**(OR. en)**

**7247/21**

**ENV 174**
**CLIMA 55**
**MAR 43**
**PECHE 98**
**COMPET 202**
**FIN 196**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6758/21 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An mhuirthimpeallacht: cosaint an Aontais fairsing gan a bheith domhain]<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3787ú cruinniú dá cuid, an 22 Márta 2021.

---

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Marine environment: EU protection is wide but not deep* [An mhuirthimpeallacht: cosaint an Aontais fairsing gan a bheith domhain]**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á MEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2020 ón gCúirt dar teideal *Marine environment: EU protection is wide but not deep.* [An mhuirthimpeallacht: cosaint an Aontais fairsing gan a bheith domhain];

3. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a bhaineann leis an muirthimpeallacht agus lena hacmhainní nádúrtha;

4. MEABHRAÍTEAR DI tiomantas an Aontais do chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna ghlacadh ag na Náisiúin Aontaithe, go háirithe, Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 lena leagtar amach spriocanna a bhaineann le "beathra faoin uisce"; mar aon le tiomantas an Aontais do spriocanna Aichi arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht; TUGANN SÍ FAOI DEARA nár baineadh amach na spriocanna sin go fóill;

5. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach "Comhaontú Glas don Eoraip", lena gcuirtear chun cinn tograí le haghaidh aistriú ar fud an gheilleagair agus straitéis fáis inbhuanaithe a bheidh cóir agus cuimsitheach araon, a mbeidh sé mar aidhm aici an rathúnas agus an domhan a chosaint ag an am céanna;

---

**1** 7515/00 + COR 1.

6. MEABHRAÍTEAR DI, INA THEANNTA SIN, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus na conclúidí ón gComhairle[2] arna bhformheas i ndáil leis an ábhar sin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS cuspóir na Straitéise Plean AE um Athbhunú an Dúlra a fhorbairt agus líonra uile-Aontais níos mó de limistéir faoi chosaint ar tír agus ar muir a bhunú, eadhon líonra atá comhtháite agus a bhainisteofar go héifeachtach, lena n-áirítear íosmhéid de 30 % den fharraige san Eoraip a chosaint, a mbeidh an tríú cuid di faoi dhianchosaint, agus ina mbeidh na Ballstáit go léir rannpháirteach chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus na dálaí náisiúnta á gcur san áireamh; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-iarrtar i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 go ndéanfaí Comhbheartas Iascaigh an Aontais (CBI), an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus na Treoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga a chur chun feidhme ina n-iomláine; agus MEABHRAÍTEAR DI freisin an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', a seoladh ag an am céanna le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais;

7. ADMHAÍONN SÍ go gcuirtear brú ar an muirthimpeallacht le modhanna iascaireachta áirithe agus le gníomhaíochtaí eile trí bhaint acmhainní agus trí dhochar do ghrinneall na farraige; sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaidh éifeachtaí an athraithe aeráide, an truaillithe de gach cineál, lena n-áirítear bruscar muirí, micreaphlaistigh agus torann faoi uisce, leathadh speiceas neamhdhúchasach, forbairt cois cósta, agus gníomhaíochtaí daonna eile tionchar diúltach a imirt ar bhithéagsúlacht mhuirí freisin;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh éiceachórais mhuirí, trína gcaomhnú agus a n-athshlánú a chur chun cinn, agus chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach agus a chothabháil faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, an ghné[...]chomhshaoil de Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais, go bhfuil géarghá le cur chuige comhtháite i leith chosaint agus úsáid inbhuanaithe na muirthimpeallachta, *inter alia* trí rannchuidiú gníomhach na mbeartas agus na n-ionstraimí earnála ábhartha go léir, amhail CBI, na Treoracha maidir le hÉin agus le Gnáthóga, an Treoir Réime maidir le hUisce, agus an Comhbheartas Talmhaíochta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus an ról speisialta atá ag na Coinbhinsiúin maidir leis na Farraigí Réigiúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIanna) á admháil ag an am céanna;

---

2 12210/20.

9. MEABHRAÍTEAR DI, i gcomhréir leis na Conarthaí, nach mór ceanglais cosanta comhshaoil a chomhtháthú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an tAontas tiomanta an mhuirthimpeallacht agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chosaint trína bheartais chomhshaoil agus iascaigh, faoi seach.

10. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara faoi CBI agus go bhfuil inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas agus ag na Ballstáit i réimse an chomhshaoil, lena n-áirítear caomhnú na bithéagsúlachta muirí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go n-áirítear le raon feidhme CBI caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus bainistiú iascaigh agus cabhlach a shaothraíonn na hacmhainní sin, agus go bhfuil sé mar aidhm aige a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus comheagrú an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (comheagrú na margaí) inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch chun a dtionchar diúltach ar an éiceachóras muirí a íoslaghdú;

11. AITHNÍONN SÍ na bearta atá glactha cheana féin ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun dea-stádas comhshaoil na muirthimpeallachta a chothabháil nó a bhaint amach; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tacú leis na hiarrachtaí uile chun cosaint éifeachtach na n-éiceachóras muirí a chur chun cinn, agus chun an brú ó ghníomhaíochtaí daonna ar a mbíonn tionchar acu a laghdú agus iascach inbhuanaithe a chur chun cinn ag an am céanna, lena n-áirítear gníomhaíochtaí de chuid na mBallstát chun na forálacha ón reachtaíocht chomhshaoil agus iascaigh a chur chun feidhme ina n-iomláine;

12. IS OTH LÉI nach rabhthas in ann, in ainneoin iarrachtaí leanúnacha, dea-stádas comhshaoil a athbhunú d'uiscí mara Bhallstáit an Aontais, ná iascaireacht go leibhéil inbhuanaithe do roinnt speiceas, ná stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta muirí sna [...] farraigí a chumhdaítear leis an Tuarascáil ón gCúirt; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, go bhfuil, de réir na tuarascála ón gCúirt, feabhas intomhaiste tagtha ar chúrsaí san Atlantach, mar a bhfuil an bainistiú iascaigh nasctha den chuid is mó le teorainneacha ar ghabhálacha incheadaithe, maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach, ach go raibh na rátaí iascaireachta sa Mheánmhuir, ina bhfuil an bainistiú iascaigh nasctha den chuid is mó le teorainneacha ar an iarracht iascaireachta (agus ní ar ghabhálacha), ar dhá oiread na leibhéal inbhuanaithe;

13. Sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur dúshlán breise maidir leis an muirthimpeallacht a chosaint sa Mheánmhuir é an bainistiú comhroinnte iascaigh le tíortha nach bhfuil san Aontas. Ina theannta sin; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh torthaí intomhaiste ag teacht ar na hiarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar an mbainistiú iascaigh sa Mheánmhuir, mar a léirítear sa tuarascáil nua maidir le staid an iascaigh sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (SoMFi 2020) ina ndeirtear gur thit céatadán an stoic ró-iascaireachta níos mó ná 10 % idir 2014 agus 2018 agus gur tháinig méadú faoi dhó le 2 bliain anuas ar líon na stoc éisc a bhfuil bithmhais choibhneasta ard acu;

14. MOLANN SÍ don Chúirt an t-athbhreithniú seo a leathnú chuig gach réigiún nó foréigiún muirí; MEASANN SÍ, chun feabhas a chur ar chúrsaí amach anseo, gur cheart gnéithe eile den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chumhdach san iniúchadh, chun go n-áireofaí tuairisceoirí uile na timpeallachta muirí, ag díriú ar na brúnna is mó atá ar gach réigiún nó foréigiún arna sainaithint faoi na straitéisí náisiúnta muirí a bhunaítear faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, agus ar bhacainní chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach;

15. MEABHRAÍTEAR DI Tuarascáil Theicniúil 4/2019 ón Lárionad Téamach Eorpach maidir le hUiscí Intíre, Cósta agus Muirí ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil dar teideal *Multiple pressures and their combined effects in Europe's seas* [Brúnna iomadúla agus a n-éifeachtaí comhcheangailte ar fharraigí na hEorpa], ina bhfuil barúlacha comhchosúla i dtaca leis na brúnna antrapaigineacha ar an éiceachóras muirí; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an doiciméad sin léargas breise a thabhairt ar na tuairisceoirí agus ar na réigiúin nach gcumhdaítear i dTuarascáil Speisialta Uimh. 26/2020 ó CIE;

16. Tugann SÍ DÁ hAIRE gur féidir na gníomhaíochtaí ionsar chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chistiú, *inter alia*, tríd an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) do 2021-2027, trí chlár LIFE agus trí chlár Interreg; agus MEABHRAÍTEAR DI go ndeirtear i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 gur cheart, le CEMI, tacú freisin leis an aistriú chuig teicnící iascaireachta atá níos roghnaí agus nach ndéantar an oiread sin dochair leo;

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI na trí mholadh ón gCúirt maidir le muirthimpeallacht an Aontais, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar dhíriú réigiúnach na Tuarascála, agus admhaíonn sí an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe chun measúnú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí gníomhaíochtaí eile ar an muirthimpeallacht.

Na hathruithe rialála agus riaracháin a shainaithint a theastaíonn chun speicis agus gnáthóga íogaire a chosaint

18. AITHNÍONN SÍ an moladh ón gCúirt gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit ábhartha, faoi 2022, na naisc idir beartais chomhshaoil agus beartais iascaigh a neartú trí na hathruithe rialála agus riaracháin a shainaithint a theastaíonn chun speicis agus gnáthóga íogaire a chosaint, lena ndéanfar an dá rud seo a leanas:

- cur i bhfeidhm níos tapúla na mbeart caomhnúcháin a cheanglaítear faoin gComhbheartas Iascaigh a éascú, agus
- cosaint a leathnú go dtí níos mó speiceas (go háirithe iad siúd atá aicmithe mar speicis atá i mbaol criticiúil) agus gnáthóg - i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha.

19. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ leis an méid seo a leanas:

- an reachtaíocht atá ann cheana a chur chun feidhme ina hiomláine, mar aon le hathbhreithniú uaillmhianach ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí;
- go mbunóidh na Ballstáit na cuspóirí caomhnúcháin do gach limistéar muirí faoi chosaint agus go neartóidh agus gcuirfidh siad chun feidhme go hiomlán na bearta caomhnúcháin, cosanta agus athshlánúcháin is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear pleananna bainistíochta a neartú nó a fhorbairt, i gcás ina bhfuil siad ar iarraidh, le rannpháirtíocht iomchuí na ngeallsealbhóirí, chun a áirithiú go ndéanfar dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a chothabháil do na speicis agus do na gnáthóga faoi chosaint;
- na nósanna imeachta faoi Airteagal 15 den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus faoi Airteagal 11 de Rialachán CBI a dhéanamh níos éifeachtaí, agus na nósanna imeachta ábhartha faoi na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga (BHD) á gcur san áireamh;
- a áirithiú go bhfuil liostaí na speiceas agus na ngnáthóg atá faoi bhagairt agus atá ag dul i léig cothrom le dáta, agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh, chomh maith le prionsabal an réamhchúraim a rannchuidíonn leis na Ballstáit na bearta caomhnúcháin is gá a ghlacadh le go gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán CBI;
- feabhas a chur ar dhearadh agus ar bhainistiú limistéar muirí faoi chosaint chun go gcruthófar líonraí comhtháite, ionadaíocha a bhainistítear go maith in uiscí muirí Bhallstáit an Aontais.

Bearta cosanta a fheabhsú sa Mheánmhuir

20. AITHNÍONN SÍ an moladh ón gCúirt go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit ábhartha, faoi 2023, i bhfianaise an díghrádaithe sheanbhunaithe ar éiceachórais mhuirí sa Mheánmhuir, an méid seo a leanas:
   - féachaint an bhféadfaí tuilleadh limistéir iascaireachta faoi chosaint a bhunú in imchuach na Meánmhara; agus
   - tuarascáil a dhéanamh go rialta ar an dul chun cinn a dhéantar agus ar an ngá atá le gníomhaíochtaí ceartaitheacha, faoi phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar chun gur féidir gníomhaíochtaí ceartaitheacha a shainaithint agus a dhéanamh.

21. Sa chomhthéacs sin, TACAÍONN SÍ leis an méid seo a leanas:
   - go leanfar de na bearta bainistíochta agus caomhnúcháin faoi CBI a bhunú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil chun dul i ngleic leis an ró-iascaireacht, agus chun róshaothrú acmhainní muirí a chosc trí na gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh maidir le bainistiú ionsar ghníomhaíocht iascaigh níos inbhuanaithe;
   - córas éifeachtach rialaithe iascaigh, go háirithe chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac;
   - go ndéantar uirlisí an Aontais chun dul i ngleic le ró-acmhainn iascaireachta a ailíniú le riachtanais réigiúnacha agus le tionchair ar an gcomhshaol.

22. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart d’aon ghníomhaíocht bhreise, lena ndírítear ar na bearta cosanta sa Mheánmhuir a fheabhsú, a bheith comhleanúnach le Coinbhinsiún UNEP/MAP Barcelona, agus leis na heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta agus réigiúnacha don iascaireacht, chun comhsheasmhacht na n-iarrachtaí sa réimse sin a áirithiú.

Poitéinseal chistiú an Aontais a mhéadú

23. AITHNÍONN SÍ an moladh ón gCúirt go ndéanfadh an Coimisiún agus na Ballstáit, i gcomhthéacs an chéad chlársceidealaithe eile ar CEMID, faoi 2023 ar a dhéanaí, ionstraimí a shainaithint chun rannchuidiú chistiú CEMID le cuspóirí caomhnúcháin muirí a mhéadú;

24. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur fadhb chriticiúil í an easpa cistí sonracha chun an comhshaol muirí a chosaint; CUIREANN SÍ I dTREIS nach n-úsáidtear CEMI, ar bhonn náisiúnta, ach go páirteach, chun faireachán a dhéanamh ar bhearta agus chun bearta a bhunú (lena n-áirítear bearta cosanta spásúla) i gcomhréir leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, agus chun láithreáin Natura 2000 a bhainistiú agus a athbhunú agus chun faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an Treoir maidir le Gnáthóga; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil raon feidhme reatha chistí LIFE teoranta do thionscadail phíolótacha agus nuálacha agus, ar an gcaoi sin, gur beag an deis atá ann iad a úsáid do bhearta bainistíochta agus cur chun feidhme, atá dírithe ar dhea-stádas comhshaoil na muirthimpeallachta a bhaint amach nó a chothabháil, agus do thacaíocht bhreise eile do chaomhnú na bithéagsúlachta;

25. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart 30 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais agus de chaiteachas Next Generation EU a chur ar leataobh do ghníomhú ar son na haeráide, agus gur cheart 7.5 % den chaiteachas bliantúil a chur ar leataobh do chuspóirí bithéagsúlachta ó 2024, agus 10 % ó 2026 ar aghaidh;

26. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an méid a leanas a dhéanamh:
    - bailchríoch a chur, a luaithe is féidir, ar ghlacadh cistí agus clár faoi CAI don tréimhse 2021-2027 lena rannchuideofar le cosaint agus le caomhnú na muirthimpeallachta a mhaoiniú;
    - foráil a dhéanamh do chistiú sonrach chun an cuspóir a bhaint amach an líonra de limistéir mhuirí faoi chosaint a mhéadú, a leagtar amach i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030, lena n-áirítear maoiniú ón earnáil phríobháideach.